



Plean Forbartha Baile agus Purláin Inis Córthaidh 2008 - 2014

TEIDEAL

Crios 1: Clonhaston/Blackstoops Cónaitheach

UIMH. LÉARSCÁILE

4

© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar chosaint. Uimh. Cheadúnais Loch Garman CCMA 9802/Comhairle Contae Loch Garman

## Crios 1: Clonhaston/Blackstoops Cónaitheach

Crios

Crios

Léarscáil 4

Léarscáil 4

Crios 1: Clonhaston/Blackstoops Cónaitheach

**Forbhreathnú den Limistéar**

Tá an ceantar seo tar éis fanacht réasúnta neamhfhorbartha le linn tréimhse dheiridh an phlean de bharr easpa áiseanna líonra séarachais. Rithfidh seachbhóthar an N11 réasúnta cóngarach do Clonhaston, ar an taobh thoir den bhaile agus aithníonn na Comhairlí suíomh straitéiseach na dtailte seo ar mhaithe le freastal ar fhás pleanáilte sa todhchaí. Aithníonn na Comhairlí cumas ollmhór an chriosaithe Cónaitheach agus Úsáide Measctha Blackstoops agus an tábhacht a bhaineann le forbairt na háite a bhaint amach ar bhealach chomhordaithe agus pleanáilte.

**Rochtain & Nascálacha**


Spreagfar tréscaoilteacht mhaith agus rochtain éasca idir forbairtí nua agus forbairtí reatha mar aon le háiseanna pobail. Leagfar an bhéim ar chruthú nascálacha idir eastáit chónaitheacha agus chun na limistéir seo a cheangal le lár an bhaile agus saoráidí siopadóireachta áise áitiúla.

**Dearadh Uirbeach**

Féachfaidh na hÚdaráis Phleanála le cur chuige nuálaíoch ar dhearadh ailtireachta d'eastáit chónaitheacha nua agus beidh gá le dearadh uirbeach ar ardchaighdeán. Spreagfar forbairt inmharthana a chomhlánfadh na húsáidí tadhlacha atá bunaithe agus a chuirfeadh le timpeallacht thógtha agus nádúrtha ar ardchaighdeán a sheachadadh sa cheantar seo. Beidh tábhacht faoi leith ag baint le soláthar ionad comharsanachta chomhtháite agus áiseanna pobail laistigh den chrios seo.


**Seirbhísí**

Tá codanna den cheantar seirbhísithe ag uisce poiblí, séaraigh bhréana poiblí agus séaraigh stoirme poiblí. Mar sin féin, tá líon áirithe srianta laistigh den cheantar seo maidir le seirbhísí poiblí. Go háirithe, baineann na srianta seo leis an leibhéal acmhainneachta atá ann cheana féin laistigh de chóras cóireála fuíolluisce Bhaile Inis Córthaidh agus bonneagar an phíopa féin ag roinnt suímh laistigh den cheantar.






Amharc ón aer



Struchtúir faoi Chosaint



Ceantair le Cumas Seandálaíochta